# Seacht dtroighe mo thír dhúthaigh

[McKenna, Lambert: *Philip Bocht Ó hUiginn*, Dublin, 1931, poem 21]

1 Seacht dtroighe mo thír dhúthaigh
lem chroidhe ón nídh do níthir
gin gur toil táth rem dhúthaigh
fúthaibh soin go bráth bíthir.

2 Leig a chlí th'uaill ar umhla
creid gurab í an uaidh th'adhbha
leag seol do mheada meanma
bearna an éaga eol th'anma

3 Ní bhí a hoirchill ar m'aire
an toirchim go dtí im ghoire
gearr lá Dé ris an duine
má tá uile a ré roimhe

4 Deirge glac eidhre an athar
ar slat sheilbhe ar a shochar
a leig linn gá mó an maitheamh
dá maitheadh sinn dó a dhochar.

5 Nír bhac grádh d'fhagháil uadha
nar bh'ál gabháil an ghrádha
do bharr ar a bhuain d'Éabha
fuair séana i gcrann na cána.

6 Dá mbeath nach duine an dúileamh
do neath ar Muire ar múnadh
do bhac mo ghníomh é d'iadhadh
dá dtrialladh cíogh Dé dúnadh.

7 Ar m'óidh ní fhuil an crúsa
an fhuil do fhóir mo chássa
do bhí an bhroid do bhaoi ar Íosa
naoi míosa ag goid a ghrása.

8 Teachta ar a hiocht budh éigean
a eachtra fan fhiort lígeal
mé do thaom gé do tréigeadh
éigean do laogh Dé ar ndídean.

9 An bás fhuair nochar airigh
do smuain ar cás a chinidh
a fhearg agus í ar galuibh
gabhaidh sí searg ar slighidh.

10 A fhíoch ar cairde cuirthear
cairde fan síoth ní sirthear
teach Dé is ar bháidh do beirthear
sé ar neimhchion dáibh ni dlighthear.

11 Do roghain rug a oidheadh
go dtug cobhair dá chineadh
bacaidh sé fás na foladh
nach roghabh grás Dé dligheadh.

12 Do bhí a uille ar a fhine
nó gur bh’í a mhuime Muire
gar ar ngaol a-raon roimhe
goire a ghaol damh ná duine.

13 An bhfuigheam cóir ’n-a chneadhaibh
cóir a fhuigheal re a oidhir
dlighthear dhíot cách do chabhair
tabhair tráth íoc [ót] oidhidh.

14 Do ní t’fhearg ar ais d’fhilleadh
an dealg id bhais do barradh
do chuaidh as t’fhíoch a fhuinneamh
dá dtuillear síoth uair annamh.

15 Sé ar mo sgáth do sgaoil tusa
’s gan mé ag táth do thaoibh dheise
gémadh maith mo lucht leasa
t’ucht deassa ní mhaith meise.

16 Saobh is an t-eol gá fhuráil
nach eol dod ghaol a ghabháil
ní luagh i n-aghaidh t’anshóigh
anóir thabhaigh uann d’fhagháil.

17 Do tharadh croinn na cána
nír bhoing acht bhadhadh síodha
do maith tú an aithne d’Éabha
séala an mhaithmhe crú an chíogha.

18 A tonna an tráth bhus bhuirbe
ar cách dá gcroma an meirge
gabhaidh an grás í i n-airde
go mbí cairde ar fhás t’fheirge.

19 Don ulc dá n-ana meise
ní budh fhala th’ucht deassa
an ochtghuin is í as usa
gontair tusa ní as neasa.

20 Dearg san bhráth sliocht na sleighe
t’fhearg re cách san riocht reimhe
cuirfidh tú i n-uaisle ar th’fhine
crú an chridhe an uairse eile.

21 Ní fhuighe táth do thaobha
an tráth bhus ghloine ar ngníomha
díol do budh déanta d’éara
géabha a síodh créachta an chíogha.

22 An bior tarla san troighidh
cion na habhla do fholuigh
do pháis gan cheart dár gcabhair
gabhaidh neart dot áis oraibh.

23 Dá leanta díol a ndearnas
gá deacra an cíogh ná an chorrbhas
ar gcás do chuaidh i ndoilgheas
nach cuibhdheas grás uaith fhoghnas.

24 Do mhaol th’fhearg ris an uile
an dealg maol nar mhaol neimhe
ar fhuil nó ar uisge an chridhe
cuir nighe m’uilcse d’eire.

25 Téid an grás dóibh tar dhligheadh
nach cóir id bhás do bearar
ní bhean don chíogh ar gcuireadh
fuidheal cean díonn má dhleaghar.

26 Gur fhás síodh leis an sanais
a síol na ngrás do gheinis
ar bhfuil gan fháth nír ibhis
ní gnáth milis luibh leighis.

27 Do chuir céadnús cíoch Muire
t’fhíoch i n-éadlús ret fhine
díol id chígh cridhe eile
go cridhe ríogh dhínn dlighe.

28 Ag teacht ar gcúl ón chomhrair
a rún gun fheart ag anmhain
a brú gin gur bh’í th’iomdhaidh
do ionghuir sí tú i dtalmhain.

29 A glún maol d’fhulang th’eire
do shaor ón ubhall th’fhine
do bh’í ar gcosg don chaoi oile

tosd Muire ’n-a chaoi cridhe

30 Cóir a rádh is rádh bagair
ar ndóigh fa lár ná leigidh
fearg th’oidhre an t-am bhus abaidh
agair ann coimhdhe an chreidimh

31 Tráth budh dhú díol a dhoirre
ní síodh gnáth rú do rinne
an dó féin do bhí id bhruinne
rí an chruinne ó nach réidh rinne

32 Do chuaidh a neimh ar neamhghrúig
fan gcneidh ní huain fhionnmaoid
ar teach nDé is beag do bhearmaoid
meallmaoid dá chead é i n-iomlaoid.

33 A bhfuair féin d’ore an othair
mar phéin Moire nír mhothaigh
do bhí ar a láimh é d’fheithimh
teichidh sé i ndáil an dochair.

34 Barr éarca ag Dia ar na daoinibh
a chréachta cia nach núidhigh
guin a thaoibh ni hé as uamhain
daoibh achd nuaghoin Dé dhúiligh.

35 Mian na gcéidchean gum chlíse
a srian mar léigthear léise
a-tá an chlí ag brath a baoise
sgath na haoise is í ar m’éise. Seacht.

36 Ó tharla ar th’iocht mé a Mhichíl
maithfidh Dia dealg na coise
daingean d’fhior taobh red threise
saor mheise ar bhior na boise. Seacht.